Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Tuarascáil Féidearthachta ar Thionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí do Ghrúpthithíocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil ag Bóithrín na Saoirse, An Cuarbhóthar, Gaillimh

Bealtaine 2026

An tOllamh Padraic Kenna, Ollscoil na Gaillimhe

Cecilia Forrestal, Éascaitheoir Pobail

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Clár

1. Réamhrá 02
2. Achoimre 04
3. Cúlra an Tionscadail Phíolótaigh 08
4. Moltaí 10
5. Comhthéacs 12
6. Tionscadal Píolótach ar Rannpháirtíocht Tionóntaí 15
7. Sainmhínithe ar Rannpháirtíocht Tionóntaí 16
8. Dréimire Rannpháirtíochta Arnstein 19
9. Bacainní Féideartha 20
10. Dúbláil nó Aithris ar Obair Eagraíochtaí nó Gníomhaireachtaí eile a Sheachaint 22
11. Tithe Daoine agus Ceart chun Tithíochta 24
12. Tacaíocht agus Buiséad 26
13. Comhairliúchán don Tuarascáil Féidearthachta seo 28

Aguisín 1. Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029. Mír 2. Ráiteas Beartais 35

Aguisín 2 Gnéithe de Mhúnla Rannpháirtíochta Tionóntaí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de do Chóiríocht atá díthe go sonrach ar an Lucht Siúil 38

Aguisín 3 Dréachtchlár Oibre beartaithe do chruinnithe Rannpháirtíochta Tionóntaí (ag brath ar leasú leanúnach le comhaontú na bpáirtithe) 41

Aguisín 4 Good Practice Recommendation No. 1. Norris, M. Managing Partnership: Enabling Tenant Participation in Housing Estate Management (DoELG, 2001) 42

Aguisín 5 Ceachtanna foghlamtha - ó Dowdall, A. Housing Agency Insights: Developing a Tenant Engagement Culture and Structure: The Case of Circle VHA (2022) 44

Aguisín 6 Achoimre ar Chairt Rannpháirtíochta Tionóntaí do Chóiríocht an Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil 46

Aguisín 7 Comhairle Cathrach Chorcaí – Lámhleabhar Tionóntachta Lucht Siúil na hÉireann 48

Tagairtí 49

1. Réamhrá

Cuirim fáilte roimh an tuarascáil féidearthachta seo ar thionscadal píolótach rannpháirtíochta tionóntaí maidir le tithíocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do phobail láidre, chuimsitheacha agus inbhuanaithe a chothú, agus is cuid lárnach den tiomantas sin a chinntiú go mbíonn deiseanna fiúntacha ag tionóntaí cur le bainistiú agus cothabháil a dtithe.

Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tuarascáil seo trí Chistiú na gCuntas Díomhaoin.

Cuirtear cur chuige láidir, bunaithe ar eitic agus ar chearta daonna i leith seirbhísí cóiríochta ar fáil sa tuarascáil féidearthachta seo, a scríobh na taighdeoirí an tOllamh Padraic Kenna ó Ollscoil na Gaillimhe agus Cecilia Forrestal, Comhairleoir agus Iar-Chomhordaitheoir um Chearta Daonna leis an Líonra Gníomhaíochta Pobail, agus is ionann é agus an chéad chéim thábhachtach i gclár oibre níos fadtéarmaí. Cuireann an tuarascáil leis an gcur chuige láidir comhoibríoch a léiríodh sna cúig theach don Lucht Siúil a bhfuil duaiseanna buaite acu agus a cuireadh ar fáil i mBóithrín na Saoirse.

Trí chomhairliúchán le pearsanra údaráis áitiúil agus le tionóntaí atá i gcóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, sainaithnítear sa tuarascáil seo na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht tionóntaí a chur chun cinn agus leagtar béim ar an ngá atá le meas cultúir, dínit, neamhspleáchas agus cearta an duine a leabú i gcroílár gach struchtúr rannpháirtíochta.

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh an moladh tionscadal rannpháirtíochta tionóntaí a reáchtáil ar bhonn píolótach ar fud na cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil sa gcathair. Tacóidh an tionscadal píolótach seo le creat praiticiúil, inbhuanaithe agus freagrúil ó thaobh cultúir de a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht tionóntaí, a bheidh ag teacht leis an obair luachmhar atá déanta cheana féin ag eagraíochtaí a thacaíonn leis an Lucht Siúil, seachas a bheith ag déanamh aithrise air.

Táim ag súil le bheith ag obair go dlúth le hOllscoil na Gaillimhe, le tionóntaí den Lucht Siúil, agus le hionadaithe an Lucht Siúil de réir mar a théann an tionscadal seo ar aghaidh, agus gabhaim buíochas leis na húdair agus leis na rannpháirtithe as a rannpháirtíocht agus as an méid atá curtha acu leis an taighde seo.

Teastaíonn am, infheistíocht agus toilteanas don fhoghlama chun rannpháirtíocht fhiúntach a bhaint amach, agus cuireann an tionscadal píolótach seo deis ar fáil caidrimh a neartú, comhthuiscint a dhoimhniú, agus oibriú i gcomhar le chéile i dtreo comhspriocanna ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne.

Má éiríonn leis, d'fhéadfadh an tionscadal tairbhe a dhéanamh do níos mó ná nócha teaghlach atá ina gcónaí i gcóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe, agus léargas a thabhairt dúinn ag an am céanna a dhéanfaidh eolas amach anseo do bheartais agus cleachtais.

Leonard Cleary
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

2. Achoimre

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe réimse cóiríochta ar fáil do bhreis is ceithre chéad teaghlach den Lucht Siúil sa gcathair agus tá eastát tithíochta nua atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil tugtha chun críche aici le déanaí ar an gCuarbhóthar, Gaillimh. Aithníonn an Chomhairle an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh eitneach agus oibríonn sí lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais chultúir an Lucht Siúil a mhéid is féidir.

Tá Tuarascáil Féidearthachta coimisiúnaithe ag an gComhairle Cathrach chun Tionscadal Píolótach a bhunú ar Rannpháirtíocht Tionóntaí i dTionscadal Cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe. Tá sé sin ag teacht le tiomantas na Comhairle Cathrach do chomhionannas agus do chearta an duine, agus le luachanna dínite, neamhspleáchais, rannpháirtíochta, cuimsithe, ceartais shóisialta agus ceartais comhshaoil, mar atá leagtha amach i Ráiteas Beartais an Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil 2025-2029.

Tá rúin agus tuarascálacha tithíochta na hÉireann faoi bhainistíocht eastát ag cur rannpháirtíocht na dtionóntaí i dtithíocht Údaráis Áitiúil chun cinn ó 2001 i leith[1]. Áirítear cuid i Lámhleabhar do Thionóntaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar Rannpháirtíocht, a thagraíonn freisin do Chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil:

> Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht cónaitheoirí agus tionóntaí i mbainistíocht eastát agus tá sí tiomanta do bheith ag obair i gcomhar le cónaitheoirí agus tionóntaí chun bainistíocht eastáit a chur chun cinn ina n-eastáit[2].

Go deimhin, aithnítear go forleathan go bhfuil rannpháirtíocht éifeachtach na dtionóntaí riachtanach le haghaidh bainistiú agus cothabháil mhaith tithíochta sóisialta, pobail inbhuanaithe agus shábháilteacht an phobail. I measc na mbuntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht éifeachtach tionóntaí tá cearta daonna na dtionóntaí a bhaint amach, léargais agus ionchur a fháil ó thionóntaí chun bainistíocht agus cothabháil tithíochta

[1] Féach Aguisín 5. Good Practice Recommendation No. 1. Norris, M. Managing Partnership: Enabling Tenant Participation in Housing Estate Management (DoELG, 2001).
[2] Comhairle Cathrach na Gaillimhe, (2025) Lámhleabhar do Thionóntaí, (Leagan 5) lch. 24.
[3] Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip, #Housing2030 (UN, 2021) 42-43.

a fheabhsú, pobail láidre a chur chun cinn, uaigneas sóisialta a laghdú, tionóntaí a spreagadh, cur le scileanna agus tacaíocht pobail, chomh maith le rialachas cuimsitheach tithíochta níos oscailte a fhorbairt[3].

Déantar cur síos ar rannpháirtíocht tionóntaí mar "rannpháirtíocht éifeachtach na dtionóntaí, go díreach agus trí chumainn ionadaíocha, i gcinnteoireacht bainistíochta tithíochta, déanamh agus athruithe beartais, feabhsú feidhmíochta, agus tionscadail phobail ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta." Tá réimse leibhéil rannpháirtíochta i gceist ó sholáthar eolais amháin, ag taobh amháin den scéal, go "comhléiriú" de bhainistiú agus cothabháil na cóiríochta, ag an taobh eile, lena n-áirítear comhcheadú buiséid eastáit.

Baineann an ceart daonna chun áit chónaithe a bheith acu le cearta a bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo d'fhéiniúlacht an duine, d'fhéinchinntiúchán, d'ionracas fisiciúil agus morálta, do chothabháil caidrimh le daoine eile, agus d'áit shocraithe shlán sa bpobal. Tá i bhfad níos mó ag baint leis an mbaile ná suíomh nó foirgneamh fisiciúil. Sa lá atá inniu ann, tá baint ag an mbaile le sábháilteacht, muintearas, meas, agus féin-achtáil. Tá sé fite fuaite leis an tsláinte, le forbairt leanaí, bochtaineacht/saibhreas, agus le deiseanna go ginearálta. Cé go bhfuil na cúinsí beartais ardoird seo tábhachtach, tá bochtaineacht agus costais cothabhála tí do thionóntaí (iad siúd a bhfuil an tionónta freagrach astu, amhail péintéireacht agus miondeisiúcháin) ina saincheisteanna móra do thionóntaí go fóill.

Léirítear i dtaighde go bhfuil struchtúir atá gann ar acmhainní a d'fhéadfadh costais phearsanta a chur ar thionóntaí, cultúr míchothromaíochtaí cumhachta, tuiscint ar easpa tionchair, easpa oiliúna agus ama, agus bacainní pearsanta i measc cuid de na bacainní a bhíonn le sárú ag tionóntaí maidir le rannpháirtíocht tionóntaí. D'fhéadfadh easpa eolais ghinearálta a bheith ann freisin ar an gcaoi a n-oibreodh rannpháirtíocht tionóntaí go praiticiúil, go háirithe maidir le saincheisteanna cothabhála tithíochta inmheánacha aonair a aithint ó shaincheisteanna coitianta bainistíochta agus cothabhála eastát. Teastaíonn oiliúint i scileanna cruinnithe agus coiste ó thionóntaí Údaráis Áitiúil, lena n-áirítear tionóntaí den Lucht Siúil, mar nach féidir le haon chreat rannpháirtíochta éifeachtach do thionóntaí feidhmiú dá huireasa.

Tugadh faoi chomhairliúchán mionsonraithe le foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhí ag obair leis an Lucht Siúil i mí Lúnasa 2025 agus le tionóntaí na tithíochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil i mí Dheireadh Fómhair 2025, áit ar ardaíodh príomhcheisteanna.

Beidh an tionscadal píolótach seo maidir le rannpháirtíocht na dtionóntaí nua ag na rannpháirtithe agus beidh tacaíocht agus oiliúint go leor ag teastáil uathusan agus ó fhoireann na comhairle cathrach araon, chun a chinntiú go n-éireoidh leo. Ba chóir tacaíocht a thabhairt do thionóntaí le bheith ina gceannairí don tionscadal.

Teastaíonn dóthain acmhainní le tacaíocht ó bhuiséad réalaíoch le go mbeidh rannpháirtíocht fhiúntach tionóntaí ann, lena n-áirítear oiliúint leanúnach, buiséid d'imeachtaí agus cumarsáid. Moltar i dtuarascáil amháin, (Aguisín 5) go mbeadh eagraíocht sheachtrach agus neamhspleách páirteach chun comhairle, saineolas agus oiliúint riachtanach a chur ar fáil. **Tógann sé am rannpháirtíocht éifeachtach a bhaint amach agus tá sé tábhachtach cur chuige céim ar chéim a ghlacadh agus deiseanna a thairiscint atá réalaíoch agus indéanta laistigh de chreataí ama sainithe, is iad sin a theastaíonn ó thionóntaí, agus is féidir acmhainní a chur ar fáil dóibh.**

Chuirfeadh an Tionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí le haon chuid den obair luachmhar atá á déanamh ag gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile leis an Lucht Siúil i gcathair na Gaillimhe agus **ní dhéanfadh sé sin aon aithris ná dúbláil air.**

Díreofar go príomha ar shaincheisteanna bainistíochta agus cothabhála i gcóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, mar atá leagtha amach sa gcomhaontú tionóntachta idir tionóntaí agus an Chomhairle Cathrach mar thiarna talún. Cuirfidh sé sin le hidirphlé agus le comhtháthú, cruthóidh sé réitigh nuálacha bunaithe ar chomhthuiscint ar dhúshláin, agus forbróidh sé cur chuige foghlama feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha. Cé go mbeidh fadhbanna deisiúcháin nó cothabhála ag na tionóntaí aonair, tá béim an phróisis seo ar na saincheisteanna uile-eastát agus pobail.

Ní mór Múnla Rannpháirtíochta Tionóntaí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de do Chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil a bheith bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Meas agus Aitheantas Cultúir
- Forbairt Caidrimh agus Muiníne
- Modhanna Rannpháirtíochta Solúbtha agus Neamhfhoirmiúla
- Cumhachtú agus Forbairt Acmhainne
- Ionadaíocht agus Abhcóideacht
- Tacaíocht Teanga, Litearthachta agus Cumarsáide
- Cinnteoireacht a bhaineann go Sonrach leis an Suíomh
- Frith-Idirdhealú agus Cosaint
- Monatóireacht, Aiseolas agus Oiriúnú (Féach Aguisín 2 thíos)
- Sláinte & Sábháilteacht
- Prionsabail a bhaineann le Dínit ag an Obair

Ar deireadh, d'fhéadfadh an Tionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí seo Cairt Rannpháirtíochta Thionóntaí den Lucht Siúil a fhorbairt a bheidh deartha i gcomhar leis na cónaitheoirí (mar atá leagtha amach in Aguisín 6 thíos) agus tacú le maoiniú do thionscadail ar an láthair (m.sh., rannpháirtíocht na n-óg, áilleacht an láithreáin) a d'fhéadfadh a bheith ina n-ardáin rannpháirtíochta chomh maith.

Saincheist shuntasach amháin is ea an gá atá le meas a léiriú ar phríobháideachas theaghlaigh den Lucht Siúil.

3. Cúlra an Tionscadail Phíolótaigh

Edel Killarney, Aonad Cóiríochta an Lucht Siúil, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

D'eascair an Tionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí as rannpháirtíocht le Empowering Tenants, Protecting Human Rights (2022[4]), ina leagtar amach creat bunaithe ar chearta an duine le haghaidh rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistíocht tithíochta údaráis áitiúil. Le linn Clár Cóiríochta don Lucht Siúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2025–2029 a ullmhú, d'aithin an Chomhairle go bhféadfaí féachaint conas a d'fhéadfaí an múnla seo a chur i bhfeidhm laistigh de chomhthéacs cóiríochta don Lucht Siúil.

Agus ábharthacht an chreata atá beartaithe do chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil á haithint, is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe an chéad údarás áitiúil a scrúdaigh cur i bhfeidhm struchtúrtha an mhúnla seo laistigh de sheirbhísí Cóiríochta don Lucht Siúil agus a thaifead an méid an foghlaimíodh ón bpróiseas. Tionscadal turgnamhach atá ann agus tá sé beartaithe go gcuirfidh sé eolas ar fáil faoi bheartais agus cleachtas amach anseo, ag tacú le cinnteoireacht fheasach maidir le cibé an bhféadfaí agus conas a d'fhéadfaí struchtúir rannpháirtíochta tionóntaí a leabú go hinbhuanaithe i gcleachtas bainistíochta eastát.

Cuireann an tionscadal píolótach leis an obair dhearfach atá déanta cheana féin ag feighlithe ar shuíomhanna cóiríochta don Lucht Siúil, go háirithe an ról atá acu i mbainistíocht láithreáin ó lá go lá, forbairt caidrimh, agus idirchaidreamh idir tionóntaí agus seirbhísí na comhairle. Léiríonn sé freisin an fhoghlaim ó dhearadh agus ó sheachadadh scéim grúpthithíochta Bhóithrín na Saoirse, áit ar chuir rannpháirtíocht fhiúntach le teaghlaigh den Lucht Siúil arna éascú ag CENA, an Comhlacht Ceadaithe Tithíochta faoi stiúir an Lucht Siúil, le torthaí dearfacha agus le tuiscint láidir gur leosan é.

Bhí scóip agus modheolaíocht an tionscadail phíolótaigh bunaithe ar phlé leis an Ollamh Pádraic Kenna, Ollscoil na Gaillimhe, agus Cecilia Forrestal, Éascaitheoir Pobail agus Iar-Chomhordaitheoir um Chearta Daonna leis an Líonra Gníomhaíochta Pobail (CAN), eagraíocht atá bunaithe ar chearta an duine. Chabhraigh na cainteanna seo leis an

[4] Líonra Gníomhaíochta Pobail, An Lárionad um Dhlí, Cearta agus Beartas Tithíochta in Ollscoil na Gaillimhe agus in Ollscoil Southampton, Empowering Tenants, Protecting Human Rights, April 2022 Ar fáil ag: https://www.housingagency.ie/sites/default/files/RSPs/CAN%20CHLRP%20University%20of%20Southampton%202022%20Empowering%20tenants%20protecting%20human%20rights.pdf

tionscadal a bhunú laistigh de bhonn fianaise bunaithe ar chearta an duine agus ar rannpháirtíocht. Gné ríthábhachtach cumasaithe ba ea tacaíocht ghníomhach na Foirne Bainistíochta Sinsearaí i seachadadh an tionscadail, ag éascú rannpháirtíocht tras-rannach agus ag tacú le cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith forbairt seirbhíse. Bhí maoiniú a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil trí Chiste na gCuntas Díomhaoin riachtanach chun an taighde féidearthachta seo a choimisiúnú.

Freagraíonn an tionscadal píolótach do réimse gealltanas i mbeartas náisiúnta agus áitiúil maidir le rannpháirtíocht tionóntaí. In 2019, mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go mbunódh Comhairle Cathrach na Gaillimhe meicníochtaí cuí do rannpháirtíocht an Lucht Siúil i mbainistíocht eastát, a forbraíodh i gcomhar le daoine den Lucht Siúil agus le heagraíochtaí don Lucht Siúil. Tacaíonn an tionscadal píolótach freisin le cur i bhfeidhm na ngealltanas laistigh de Phlean Gníomhaíochta Comhionannais na Comhairle (2021), prótacal an Choiste Comhairliúcháin um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil, agus an Straitéis Bainistíochta Eastát, agus tá sé ar aon dul le treoir atá ann le fada ón Roinn Tithíochta maidir le rannpháirtíocht tionóntaí tacaithe.

Aithnítear le linn an tionscadail go bhfuil rannpháirtíocht éifeachtach i gcinntí bainistíochta tithíochta agus cothabhála mar ghné lárnach maidir le dínit, comhionannas agus meas. Dá réir sin, tá an tionscadal píolótach bunaithe ar chreat um chearta an duine, ag tarraingt ar phrionsabail PANEL, Rannpháirtíocht, Cuntasacht, Neamh-idirdhealú, Cumhachtú agus Dlíthiúlacht. Féachann an tionscadal píolótach leis na prionsabail seo a chur i bhfeidhm trí spásanna sábháilte struchtúrtha a chruthú le haghaidh comhrá, córais shoiléire chumarsáide, agus comhthuiscint ar róil agus freagrachtaí i mbainistíocht eastát.

Rinne Céim 1 den tionscadal píolótach sraith d’aschur sainithe a thugann eolas don tuarascáil féidearthachta seo. Díreoidh Céim 2 ar mholtaí na tuarascála a thástáil agus scrúdú a dhéanamh ar mar is féidir rannpháirtíocht a leabú i gcleachtas bainistíochta eastáit. Tacóidh maoirseacht neamhspleách le meastóireacht, foghlaim, agus forbairt polasaí amach anseo, d’fhonn eolas a chur ar fáil do chur chuige inbhuanaithe, bunaithe ar chearta an duine do rannpháirtíocht tionóntaí laistigh de chóiríocht don Lucht Siúil arna bhainistiú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

4. Moltaí

- Ball foirne tiomnaithe de chuid na Comhairle Cathrach a bhfuil cur amach acu ar shaincheisteanna agus ar chórais bainistíochta agus cothabhála tithíochta, le ceapadh le freagracht shoiléir mar Oifigeach Idirchaidrimh Rannpháirtíochta Tionóntaí don Lucht Siúil. Dhéanfadh an duine seo an Tionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí a chur chun cinn, cruinnithe a eagrú agus gníomhú mar idirghabhálaí idir ranna na comhairle cathrach UILE agus cruinnithe Rannpháirtíochta an Lucht Siúil, lena n-áireofaí freastal ar chruinnithe agus tuairisciú ar ais ag leibhéal grúpa ar shaincheisteanna a ardaíodh ag cruinnithe roimhe seo.

- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar ról na bhfeighlithe do chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil agus ar líon na mball foirne atá fostaithe faoi láthair ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, d'fhonn an ról seo a leathnú chun freagrachtaí 'bainistíochta eastát' níos cuimsithí a chuimsiú agus leibhéil foirne a mhéadú chun caighdeáin bhainistíochta agus chothabhála a fheabhsú[5].

- Tá tionóntaí den lucht siúil chun duine idirchaidrimh a ainmniú chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh idir cruinnithe le duine idirchaidrimh na Comhairle Cathrach.

- Buiséad comhaontaithe do na cruinnithe agus an tacaíocht atá ar siúl le cur ar leataobh roimh ré gach bliain chun costais foirne agus costais tionóntaí a chlúdach.

- Oiliúint ar rannpháirtíocht tionóntaí le cur ar fáil d'fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus do thionóntaí i dtithíocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil ar an gcaoi a n-oibreodh an creat rannpháirtíochta tionóntaí – chomh maith leis an oiliúint scileanna cruinnithe a theastaíonn a aithint. D'fhéadfadh éascú ar fhreagrachtaí bainistíochta agus cothabhála an tiarna talún (An Chomhairle Cathrach) agus an tionónta araon a bheith i gceist leis seo freisin. Cé go mbeidh fadhbanna deisiúcháin nó cothabhála ag na tionóntaí aonair, tá béim an phróisis seo ar na saincheisteanna uile-eastát agus pobail.

[5] An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, Uasdátú an Bhoird ar Athbhreithniú Saineolaíoch ar Chóiríocht don Lucht Siúil, Samhain 2025, leathanach 20

- Ba chóir oiliúint a chur ar fáil láithreach maidir le scileanna le haghaidh cruinnithe éifeachtacha, lena n-áirítear róil, nósanna imeachta agus scileanna coiste, chomh maith le hoiliúint ar shaincheisteanna cultúrtha ionas go mbeidh tuiscint chomhroinnte ann ar chineál rannpháirtíochta tionóntaí.

- Ceithre chruinniú éascaithe rannpháirtíochta do thionóntaí a shocrú, thar 6 mhí ar dtús, d'fhonn soiléireacht a bhunú ar gach taobh maidir leis na cineálacha saincheisteanna a rachfaí i ngleic leo sa rannpháirtíocht tionóntaí, agus conas a dhéileálfaí leo sin sa phróiseas. Ní mór clár oibre agus socruithe cruinnithe a bheith ann, lena n-áirítear cé a ghníomhódh mar chathaoirleach, cé a thógfadh na miontuairiscí, agus conas a dhéanfaí na saincheisteanna a chur chun cinn idir na cruinnithe agus ag na chéad chruinnithe eile.

- Tar éis na gceithre chruinniú tosaigh, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar Thionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí, lena sainaithneofar aon dúshláin, éachtaí agus dea-chleachtais.

- Comhroinnt eolais agus malartú dea-chleachtas a choinneáil le Líonra na nOifigeach Cóiríochta don Lucht Siúil ar fud na nÚdarás Áitiúil agus na Gníomhaireachta Tithíochta. Chun tús a chur leis sin, molaimid comhimeacht malartaithe eolais idir an fhoireann ábhartha atá ag obair ar rannpháirtíocht an Lucht Siúil ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, chomh maith le tionóntaí den Lucht Siúil a bhfuil baint acu le tionscadail rannpháirtíochta tionóntaí ó na trí cheantar sin.

5. Comhthéacs

I gCathair na Gaillimhe, in 2023, meastar go raibh 457 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i gcóiríocht a chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil go díreach nó le cúnamh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear ar láithreáin neamhúdaraithe. Bhí thart ar 63% ina gcónaí i ngnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil, le 4% ina gcónaí i nGrúpthithíocht Údaráis Áitiúil agus 14% ina gcónaí i gCóiríocht i Láithreáin Stad[6]. Leagtar amach i Straitéis Bainistíochta Eastáit Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019 an chaoi a ndéanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe bainistíocht ar a tionóntachtaí agus ar a heastáit, lena n-áirítear láithreáin stad. Beartaíodh Straitéis Bainistíochta Eastát don Lucht Siúil le haghaidh cóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil a chur i bhfeidhm le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029[7].

Áirítear i Lámhleabhar do Thionóntaí na Comhairle Cathrach cuid ar rannpháirtíocht tionóntaí, a thagraíonn freisin do Chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil.

> Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht cónaitheoirí agus tionóntaí i mbainistíocht eastát agus tá sí tiomanta do bheith ag obair i gcomhar le cónaitheoirí agus tionóntaí chun bainistíocht eastáit a chur chun cinn ina n-eastáit[8].

Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh eitneach agus oibríonn sí lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais chultúrtha an Lucht Siúil a mhéid is indéanta. Tá an Chomhairle Cathrach tiomanta do chur chuige comhionannais agus cearta an duine agus í ag soláthar agus ag bainistiú na cóiríochta don Lucht Siúil, i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.

Tá tiomantas na Comhairle Cathrach don chomhionannas agus do chearta an duine á spreagadh ag sraith comhroinnte de luachanna lena n-áirítear Dínit; Neamhspleáchas; Rannpháirtíocht; Cuimsiú: Ceartas Sóisialta agus Ceartas Comhshaoil. Tabharfaidh an

[6] Ibid., lch. 8.
[7] Ibid., lch. 16.
[8] Comhairle Cathrach na Gaillimhe, (2025) Lámhleabhar do Thionóntaí, (Leagan 5) lch. 24.

chomhairle cathrach aird ar réimse straitéisí a chuireann comhionannas agus cuimsiú an Lucht Siúil chun cinn[9].

Foráiltear le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go bhféadfaidh an Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil comhairle a thabhairt don Aire maidir leis "na bearta is oiriúnaí chun feabhas a chur ar chomhairliúchán leis an Lucht Siúil agus rannpháirtíocht an Lucht Siúil ar an leibhéal áitiúil i soláthar agus i mbainistiú cóiríochta"[10]. Cé go bhfuil comhairliúchán leanúnach ar siúl le daoine den Lucht Siúil maidir le cóiríocht, is lú an fhorbairt atá déanta ar rannpháirtíocht iomlán an Lucht Siúil i mbainistiú cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil[11].

Moladh i dTuarascáil Deiridh an Chomhchoiste um Shaincheisteanna Ríthábhachtacha a Théann i gcion ar an Lucht Siúil (2021):

Ba chóir taighde ar dhearadh cóiríochta atá oiriúnach don Lucht Siúil ó thaobh cultúir de a dhéanamh gan mhoill, agus ba chóir go gcuirfí san áireamh méideanna teaghlaigh an Lucht Siúil, ceisteanna cultúrtha ar nós ainmhithe a choinneáil, agus a chinntiú go mbeidh na glúnta atá le teacht in ann fanacht in aice lena chéile. Ní mór teagmháil a dhéanamh leis an Lucht Siúil agus dul i gcomhairle leo ar feadh an phróisis[12].

Dúradh san Athbhreithniú ar Chomhionannas Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le cóiríocht

[9] Comhairle Cathrach na Gaillimhe (2024) Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029, lgh. 14-16 agus féach Aguisín 1 thíos. Ar fáil ag: https://files.galwaycity.ie/gccfiles/?r=/download&path=L0RlcGFydG1lbnRzL0hvdXN-pbmcvUHVibGljIEVuZ2FnZW1lbnRzL1RyYXZlbGxlciBBY2NvbW1vZGF0aW9uIFByb-2dyYW1tZSAyMDI1LTIwMjkgQURPUFRFRC5wZGY%3D

[10] Alt 19.

[11] Tuarascálacha ón gCoiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/publications/national-traveller-accommodation-consultative-committee/#research-reports

[12] Tuarascáil Deiridh an Chomhchoiste um Shaincheisteanna Ríthábhachtacha a Théann i gcion ar an Lucht Siúil (2021) lch. 71/2.

a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil in 2019 gur shainaithin an Chomhairle Cathrach ina Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, mar a bhí sé ag an am, go ndéanfaí straitéisí rannpháirtíochta do thionóntaí a fhorbairt, de réir na Straitéise Bainistíochta Eastát, i gcomhar le daoine den Lucht Siúil agus le heagraíochtaí don Lucht Siúil maidir le cóiríocht atá díríthe go sonrach ar an Lucht Siúil[13].

Áirítear sna Téarmaí Tagartha d'Fhochoiste Oibriúcháin an Choiste Comhairliúcháin um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil (Márta 2025):

> Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le tithíocht agus cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil[14].

Chomh maith leis an tiomantas ama agus forbairt scileanna, beidh gá le tiomantas ó gach taobh do phróiseas foghlama agus ardleibhéal muiníne chun na cuspóirí beartais seo a chur i bhfeidhm i dTionscadal Rannpháirtíochta Tionóntaí an Lucht Siúil atá fiúntach agus éifeachtach.

[13] IHREC, An account of the Equality Review carried out by Galway City Council in respect of Traveller-specific accommodation (2019) https://www.ihrec.ie/app/uploads/2022/08/Galway-City-Equality-Review-IHREC_Final.pdf, lch. 21. Tugadh faoi deara san Athbhreithniú Comhionannais, cé go raibh sé seo dearfach, nach raibh aon tagairt don Lucht Siúil san áireamh i straitéisí rannpháirtíochta tionóntaí in eastáit tithíochta sóisialta.

[14] Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Grúpa Idirghníomhaireachta maidir leis an Lucht Siúil - https://www.galway.ie/en/community-tourism-arts/community-development/traveller-interagency-group

6. Tionscadal Píolótach ar Rannpháirtíocht Tionóntaí

Tá an Tuarascáil Féidearthachta seo á hullmhú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar Thionscadal Píolótach maidir le Rannpháirtíocht Tionóntaí in aon scéim Grúpthithíochta amháin don Lucht Siúil. D'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe suíomh Bhóithrín na Saoirse ar an gCuarbhóthar tar éis comhairliúchán fairsing deartha leis an bhFoireann Theicniúil, Innealtóirí, Cléireach na nOibreacha, teaghlaigh den Lucht Siúil agus CENA, agus tá tionóntaí ina gcónaí ann anois.

Bhí cur i láthair ó Oifigigh Idirchaidrimh Eastát Tithíochta agus ó fhoireann ábhartha eile na Comhairle Cathrach chomh maith le Garda Pobail i gceist le cruinniú eolais tionóntachta an 26 Feabhra 2025. Pléadh príomhcheisteanna maidir le comhaontuithe tionóntachta. Áiríodh leis seo pointí teagmhála idir tionóntaí agus foireann na Comhairle Cathrach, grúpa cónaitheoirí/tionóntaí a bhunú, saincheisteanna bainistíochta eastát, agus téarmaí an chomhaontaithe tionóntachta. Leagadh amach dáileadh na bhfreagrachtaí maidir le deisiúcháin agus cothabháil idir an tionónta agus an Chomhairle Cathrach (tiarna talún), chomh maith le nósanna imeachta chun déileáil le héigeandálaí. I measc na saincheisteanna eile bhí crá croí ó chomharsana eile, iompar frithshóisialta, truailliú ó thorann, páirceáil, rialú madraí, foléas, boscaí bruscair agus bainistíocht dramhaíola, pleananna sábháilteachta dóiteáin, eolas ar fhearais mar chórais aer go huisce agus saincheisteanna comhshaoil eile.

Tá an comhaontú tionóntachta mar bhonn faoin bpróiseas rannpháirtíochta tionóntaí ina leagtar amach na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá ar an dá pháirtí mar thiarna talún agus mar thionónta.

7. Sainmhínithe ar Rannpháirtíocht Tionóntaí

Tá na cineálacha cur chuige éagsúla maidir le rannpháirtíocht tionóntaí údaráis áitiúil leagtha amach sa tuarascáil - Empowering Tenants: Protecting Human Rights: Effective Tenant Participation in the Management of Local Authority Housing (2022) le Líonra Gníomhaíochta Pobail, An Lárionad um Dhlí, Cearta agus Beartas Tithíochta in Ollscoil na Gaillimhe agus in Ollscoil Southampton[15]. Leagtar amach sa Tuarascáil seo na buntáistí a bhaineann le Rannpháirtíocht Tionóntaí:

> Aithnítear go forleathan go bhfuil rannpháirtíocht éifeachtach na dtionóntaí riachtanach do bhainistiú agus cothabháil mhaith tithíochta sóisialta, do phobail inbhuanaithe agus do shábháilteacht an phobail. I measc na mbuntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht éifeachtach tionóntaí tá cearta daonna na dtionóntaí a bhaint amach, léargais agus ionchur a fháil ó thionóntaí chun bainistíocht agus cothabháil tithíochta a fheabhsú, pobail láidre a chur chun cinn, uaigneas sóisialta a laghdú, tionóntaí a spreagadh, scileanna agus tacaíocht pobail a thógáil, chomh maith le rialachas cuimsitheach tithíochta níos oscailte a fhorbairt[16].

Sainmhínítear rannpháirtíocht tionóntaí mar seo a leanas:

> ...rannpháirtíocht éifeachtach na dtionóntaí, go díreach agus trí chumainn ionadaíocha, i gcinnteoireacht bainistíochta tithíochta, déanamh agus athruithe polasaí, feabhsú feidhmíochta, agus tionscadail phobail ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta.

Moltar cur chuige ón mbun aníos sa tuarascáil seo atá bunaithe ar chearta an duine maidir le rannpháirtíocht tionóntaí agus leagtar béim inti freisin ar phrionsabail PANEL mar mhodh chun a mhíniú i samplaí nithiúla atá i gceist le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine go praiticiúil.

[15] Ar fáil ag: https://www.housingagency.ie/sites/default/files/RSPs/CAN%20CHLRP%20University%20of%20Southampton%202022%20Empowering%20tenants%20protecting%20human%20rights.pdf

[16] Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip, #Housing2030 (UN, 2021) 42-43.

- Rannpháirtíocht - Ba cheart go mbeadh deis ag tionóntaí a bheith páirteach i gcinntí a dhéanann difear dá gcearta.
- Cuntasacht - Ba cheart go ndéanfaí monatóireacht neamhspleách ar an gcaoi a bhfuil tionchar á imirt ar chearta tionóntaí, chomh maith le réitigh nuair nach n-éiríonn le rudaí.
- Neamh-idirdhealú - Ba cheart caitheamh go deas le tionóntaí agus lena dteaghlaigh beag beann ar a n-aois, inscne, eitneachas, míchumas, reiligiún nó creideamh, claonadh gnéis, féiniúlacht inscne, nó aon tréith phearsanta eile.
- Cumhachtú - Ba cheart cúnamh a thabhairt do thionóntaí a gcearta a thuiscint agus tacaíocht iomlán a thabhairt dóibh chun páirt a ghlacadh i bhforbairt beartais agus cleachtas a théann i bhfeidhm ar a saol.
- Dlíthiúlacht - Ba cheart cearta tionóntaí a leagan amach i reachtaíocht nó i bhfodhlíthe nuair is féidir.

Is é an sainmhíniú atá sa tuarascáil ná 'rannpháirtíocht éifeachtach tionóntaí, go díreach agus trí chumainn ionadaíocha, i gcinnteoireacht bainistíochta agus cothabhála tithíochta, déanamh agus athruithe polasaí, feabhsú feidhmíochta, agus tionscadail phobail ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta.'

Féadfaidh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta tionóntaí a bheith i gceist lena n-áirítear eolas agus comhairle a chur ar fáil, comhairliúcháin, painéil tionóntaí, grúpaí a bhaineann le seirbhís ar leith, cumainn tionóntaí agus cónaitheoirí, rannpháirtíocht i mbainistíocht, cinnteoireacht straitéiseach, socruithe rialachais chomh maith le rannpháirtíocht i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an bheartais. Léiríonn na foirmeacha éagsúla seo leibhéil éagsúla rannpháirtíochta. Is cineál rannpháirtíochta níos teoranta ó bharr anuas é eolas a thabhairt agus dul i dteagmháil le tionóntaí. I gcodarsnacht leis sin, is gnách go mbreathnaítear ar iniúchadh faoi stiúir tionóntaí agus ar chomhléiriú cinntí ar bhainistíocht agus ar chothabháil eastát mar chineálacha rannpháirtíochta níos airde.

Teoiric bhunúsach sa chur chuige seo is ea dréimire rannpháirtíochta saoránach Arnstein (1969) ina leagtar amach cineálacha rannpháirtíochta céimnithe a bhfuil comhpháirtíocht agus rialú saoránach mar bhuaicphointe rannpháirtíochta mar thoradh air[17]. Leagann an "dréimire" coincheapúil seo amach na céimeanna rannpháirtíochta ó neamh-rannpháirtíocht go rialú comhroinnte agus cinnteoireacht cónaitheoirí/tionóntaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le leithdháileadh acmhainní.

Is féidir gurb ionann an leibhéal rannpháirtíochta níos airde agus “comhléiriú” den timpeallacht tithíochta/cóiríochta:

Baineann comhléiriú le difreálaigh cumhachta agus téann sé “i bhfad níos faide” ná an smaoineamh maidir le “rannpháirtíocht saoránach” nó “rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhíse” chun prionsabal na comhpháirtíochta comhionann a chothú. Cuireann sé deis ar fáil an dinimic idir an pobal agus oibrithe seirbhíse a athrú, ag cur deireadh le “iad” agus “muid.” Ina áit sin, cuireann daoine cineálacha éagsúla eolais agus scileanna le chéile, bunaithe ar thaithí saoil agus ar fhoghlaim ghairmiúil.[18]

[17] Arnstein, S.R. ‘A Ladder of Citizen Participation’ (1969) 35(4) Journal of the American Planning Association, 216-224.

[18] Community-led Housing London, Coproduction in Housing and Regeneration – A Framework for Communities and practitioners, (2022) p. 4. https://www.communityledhousing.london/wp-content/uploads/2022/11/CLHLondon-Coproduction.pdf

8. Dréimire Rannpháirtíochta Arnstein



9. Bacainní Féideartha

Aithníodh cuid de na bacainní a bhíonn ar thionóntaí maidir le rannpháirtíocht tionóntaí i dtaighde[19]. I measc na ngnéithe atá ag brath ar an tiarna talún:

- Atmaisféar institiúideach a chuireann in aghaidh na rannpháirtíochta
- Easpa roghanna rannpháirtíochta
- Struchtúr gann ar acmhainní a d'fhéadfadh costais phearsanta a thabhú do thionóntaí
- Cultúr míchothromaíochtaí cumhachta

I measc na ngnéithe atá ag brath ar thionóntaí:

- Easpa tionchair a mhothú
- Bacainní praiticiúla cosúil le hiompar agus cúram leanaí.
- Coimhlint leasa do bhallraíocht boird
- Imní nach bhfuil na scileanna acu (m.sh. scileanna airgeadais/buiséadaithe/cruinnithe)
- Easpa oiliúna agus ama
- Bacainní pearsanta (m.sh. aois, míchumas, teanga)
- Tuirse a bhaineann le comhairliúchán

Tabharfaidh an tionscadal píolótach aghaidh ar na bacainní féideartha sin sna chéad chruinnithe agus lorgóidh sé bealaí chun iad sin a shárú, agus ag an am céanna féachaint le coinníollacha a chruthú le haghaidh comhoibriú níos fearr, agus meas a léiriú ar phrionsabail na dínite ag an obair. Bunóidh sé, le foireann na comhairle cathrach agus leis an Lucht Siúil, na príomhghnéithe de bhainistíocht agus cothabháil tithíochta agus eastáit atá oiriúnach do rannpháirtíocht tionóntaí agus an leibhéal tionchair ar bhainistíocht agus ar chothabháil tithíochta a roinnfear idir foireann na Comhairle Cathrach agus tionóntaí. Gné lárnach is ea tuiscint shoiléir ar na hoibleagáidí atá ar an tiarna talún agus ar na tionóntaí maidir le bainistíocht, cothabháil agus deisiúcháin, cosúil le péintéireacht, miondeisiúcháin srl. Ní mór soiléireacht a bheith ann maidir le gearáin ó thionóntaí – go háirithe maidir le saincheisteanna tithíochta taobh istigh amhail deisiúcháin, agus saincheisteanna bainistíochta agus cothabhála eastát lena n-áirítear saincheisteanna

[19] Líonra Rannpháirtíochta Tionóntaí na hÉireann (ITEN), Tenant Engagement: Insights from best practice in Europe. Developing an evidence-based framework for tenancy engagement in Ireland (ITEN, 2024) lch 12.

coiteanna cothabhála agus deisiúcháin. D’fhéadfadh sé nach mbeadh saincheisteanna eile a ardaíonn tionóntaí leis an gComhairle Cathrach faoi shainchúram phróiseas rannpháirtíochta na dtionóntaí, ach is féidir saincheisteanna nua a mheas i gcónaí le tabhairt isteach sa phróiseas, sá gcás go mbeadh comhleas i gceist.

10. Dúbláil nó Aithris ar Obair Eagraíochtaí nó Gníomhaireachtaí eile a Sheachaint

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do róil ar leith na ndaoine agus na ngníomhaireachtaí éagsúla atá ag obair agus ag tacú leis an Lucht Siúil i nGaillimh. Ina measc seo tá Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Tionscadal Forbartha Lucht Siúil agus Idirchultúrachas an Iarthair, Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil, agus obair luachmhar Oibrithe Sláinte an Lucht Siúil. Tá príomhróil ag go leor gníomhaireachtaí eile, i gcúram sláinte, oideachas, póilíneacht agus saincheisteanna comhshaoil.

Tógann rannpháirtíocht tionóntaí ar bhainistiú agus ar chothabháil ghrúpthithíocht an Lucht Siúil. Tá an comhaontú tionóntachta mar bhunús leis an gcaidreamh idir tionóntaí agus an Chomhairle Cathrach, agus mar sin tá sé mar bhunús le Tionscadal Píolótach Rannpháirtíochta Tionóntaí.

Tá an pointe seo suntasach, toisc go bhfuil roinnt eagraíochtaí agus creataí ann cheana féin a thugann aghaidh ar shaincheisteanna níos leithne mar idirdhealú, polasaithe comhairle cathrach maidir le measúnú ar riachtanais, soláthar cóiríochta, easpa dídine, oideachas, cúram sláinte, póilíneacht agus forbairt shocheacnamaíoch.

Chuirfeadh an Múnla Rannpháirtíochta Tionóntaí le haon chuid d'obair na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí seo agus ní dhéanfadh sé sin a dhúbláil ná a aithris. Dírítear ar rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistiú agus i gcothabháil cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Cuirfidh sé sin le hidirphlé agus le comhtháthú, cruthóidh sé réitigh nuálacha le comhthuiscint ar dhúshláin, agus forbróidh sé cur chuige foghlama feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha.

Is éard atá i gceist leis ná sraith céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar gach saincheist agus réitigh a chruthú ar chlár oibre na gcruinnithe rialta, agus ina dhiaidh sin chun éifeachtacht gach cinnidh agus toraidh a thuairisciú agus a mheas. Tá an clár oibre atá beartaithe leagtha amach in Aguisín 4 thíos.

Mar sin, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir **na saincheisteanna a dhéanfar a mheas agus na saincheisteanna nach ndéanfar a mheas** i gcruinnithe oibríochta an Tionscadail Phíolótaigh Rannpháirtíochta Tionóntaí. Leagfaidh sé sin amach fócas

na gcruinnithe agus ábhar an chláir oibre do chruinnithe. Éileoidh sé aontú ar na saincheisteanna atá le plé, agus le leanúint, agus aontú ar na saincheisteanna **nach bhfuil laistigh de théarmaí an chomhaontaithe tionóntachta** atá mar bhunús le rannpháirtíocht tionóntaí. Ní chuireann sé sin bac ar bith ar chuirí chuig na cruinnithe a leathnú chuig aon eagraíocht agus gníomhaireacht eile chun eolas a chur i láthair faoina gcuid oibre, nó ar na cruinnithe rannpháirtíochta tionóntaí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail mar ghrúpa, agus tacú leis an Lucht Siúil agus le tionóntaí ar bhealaí eile. Léiríonn na samplaí ó Chomhairle Cathrach Chorcaí (a gcuirtear síos orthu thíos) conas is féidir le rannpháirtíocht tionóntaí forbairt ó bheith ag déileáil le saincheisteanna bainistíochta agus cothabhála go tionscadail aeistéitice agus forbartha níos leithne.

11. Tithe Daoine agus Ceart chun Tithíochta

Is iomaí spreagadh institiúideach atá ann do rannpháirtíocht tionóntaí, lena n-áirítear luach na maoine nó na sócmhainní a chaomhnú, coigilteas i gcostais bhainistíochta agus chothabhála, caitheamh le tionóntaí mar thomhaltóirí nó mar úsáideoirí seirbhíse, nó i gcásanna áirithe oibleagáidí rialála[20].

Sa gcás seo, áfach, is é an fócas lárnach atá ag rannpháirtíocht éifeachtach tionóntaí ná aitheantas go mbíonn tionchar ag gach gníomh a ghlactar sa deireadh thiar ar an sásamh a bhaineann tionóntaí as a dtithe. Sa lá atá inniu ann, tá i bhfad níos mó ag baint leis an mbaile ná suíomh nó foirgneamh fisiciúil. I sochaí chomhaimseartha, tá baint ag an mbaile le sábháilteacht, muintearas, meas, agus féin-achtáil. Tá tithíocht/cóiríocht agus baile fite fuaite le sláinte, forbairt leanaí, bochtaineacht/saibhreas, agus deiseanna go ginearálta[21]. Is féidir breathnú ar an mbaile mar struchtúr fisiceach; mar dhúiche - rud a thugann slándáil, rialú, agus fréamhú le fios; mar fhéiniúlacht; mar fheiniméan sóisialta agus cultúrtha; agus mar bhonn le haghaidh caidrimh. Feidhmíonn an baile freisin mar spás fisiciúil ónar féidir le duine nó le teaghlach teacht ar sheirbhísí agus ar thaitneamhachtaí eile agus meastar go bhfuil sé riachtanach chun taitneamh a bhaint as gach ceart daonna. Measann dlí idirnáisiúnta um chearta an duine go mbaineann 'baile' le 'cearta a bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo d'fhéiniúlacht an duine, d'fhéinchinntiúchán, d'ionracas fisiciúil agus morálta, do chothabháil caidrimh le daoine eile, agus d'áit shocraithe shlán sa phobal.'[22]

Leagtar amach go mion sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019 na caighdeáin do gach teach ar cíos, lena n-áirítear caighdeáin maidir leis an riocht struchtúrach. Ní mór tithe ar cíos a choinneáil i riocht ceart struchtúrach, is é sin "slán, taobh istigh agus taobh amuigh, le díon, tíleanna agus sclátaí ar an díon, fuinneoga, urláir,

[20] Éilíonn an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ionchur a lorg go gníomhach ó thionóntaí agus deiseanna rialta a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta maidir le soláthar seirbhíse.

[21] Fox O' Mahony, L. Conceptualising Home: Theories, Laws and Policies (Oxford, Hart 2007).

[22] Connors v the United Kingdom, An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (App No 66746/01) 27 Bealtaine 2004, §82.

síleálacha, ballaí, staighre, doirse, cláir sciorta, éadanchlár, tíleanna ar aon urlár, síleáil agus balla, gáitéir, fánphíobáin, feistiú, troscán agus fearas, gairdíní agus comhlimistéir a choinneáil i riocht maith agus nach bhfuil lochtach mar gheall ar thaise nó rud ar bith eile.”

Mar sin, tá an ceart chun baile i gceist le bainistiú cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil ar go leor leibhéil éagsúla, agus caithfidh an cur chuige seo a bheith lárnach sa tionscadal píolótach.

12. Tacaíocht agus Buiséad

Beidh socruithe an Tionscadail Phíolótaigh Rannpháirtíochta Tionóntaí nua do na rannpháirtithe uile i nGaillimh agus beidh tacaíocht agus oiliúint shuntasach ag teastáil ó thionóntaí agus foireann na comhairle cathrach araon, chun a chinntiú go n-éireoidh leo. Moladh i dtuarascáil le déanaí gur cheart tacaíocht a thabhairt do thionóntaí le bheith ina gceannairí don tionscadal[23]. Áirítear leis seo ligean do thionóntaí a bheith ina n-urlabhraithe don tionscadal agus a chinntiú go bhfuil an próiseas iomlán, go háirithe na hathruithe struchtúracha, faoi stiúir tionóntaí. Ba cheart do thionóntaí an straitéis a scríobh, spriocanna a leagan síos, agus a bheith páirteach i monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. Ba cheart oiliúint a chur ar fáil freisin maidir le scileanna coiste agus socruithe tuairiscithe chun an próiseas seo a dhéanamh éifeachtach.

Teastaíonn dóthain acmhainní le tacaíocht ó bhuiséad réalaíoch le go mbeidh rannpháirtíocht fhiúntach tionóntaí ann, lena n-áirítear oiliúint leanúnach, buiséid d'imeachtaí agus cumarsáid. Moladh i dtuarascáil amháin le déanaí rannpháirtíocht ó eagraíocht sheachtrach agus neamhspleách chun comhairle, saineolas agus oiliúint riachtanach a chur ar fáil[24]. Fuarthas amach sa tuarascáil sin gur chuidigh maoirseacht neamhspleách le muinín a chothú idir na páirtithe go léir agus chuir sé leis an gcur chuige comhoibríoch.

Tá fiúntas nach beag ag baint le sainchomhalta foirne agus ball foirne tiomnaithe na Comhairle Cathrach a bheith mar dhuine idirchaidrimh idir na cruinnithe rannpháirtíochta tionóntaí agus gach roinn den Chomhairle Cathrach. Beidh gá le ceannach isteach ag na leibhéil bhainistíochta is airde agus rún a dhearbhóidh an tábhacht a bhaineann le haiseolas rialta agus rannpháirtíocht rialta an ghrúpa ag cruinnithe rannpháirtíochta tionóntaí.

Éileoidh sé seo go léir oscailteacht chun breathnú ar bhealaí nua oibre agus tiomantas a thabhairt dóibh, caidrimh chomhoibrithe agus muiníne a chothú, chomh maith le haithint go dtiocfaidh forbairt ar na caidrimh sin. Lena rá ar bhealach eile, féachaint le foghlaim

[23] Dowdall, A. Housing Agency Insights: Developing a Tenant Engagement Culture and Structure: The Case of Circle VHA (2022).https://www.housingagency.ie/sites/default/files/2022-09/2022%20Housing%20Agency%20Policy%20Insights_Issue%202.pdf Féach freisin Aguisín 7 thíos.

[24] Ibid.

ó na gníomhartha a rinneadh mar bhealach chun cur leis an sprioc fhoriomlán agus fhadtéarmach a bhaineann le rannpháirtíocht tionóntaí i gcinnteoireacht a chur chun cinn i mbainistiú cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Cuireann sé le cumas forbartha an dá pháirtí sa tionscadal, i.e., An Chomhairle Cathrach agus tionóntaí de chuid Bhóithrín na Saoirse, an Cuarbhóthar, chun páirt a ghlacadh sa chur chuige comhoibríoch seo, ag oibriú agus ag cur na gcomhaidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí comhaontaithe le chéile.

13. Comhairliúchán don Tuarascáil Féidearthachta seo

Tar éis cruinnithe tosaigh ar líne le Edel Killarney, Michael Forde agus Maria Fallon-Ward ón gComhairle Cathrach, tionóladh cruinnithe comhairliúcháin le foireann na Comhairle Cathrach an 11 Lúnasa 2025, agus le tionóntaí ó Bhóithrín na Saoirse, an Cuarbhóthar an 30 Deireadh Fómhair 2025. Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin freisin le Brian Dillon ó CENA - Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a dhíríonn go speisialta ar chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil a chur ar fáil, Deirdre O'Regan ó Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil, Comhairle Cathrach Chorcaí, Andrew Guy agus Elaine Byrne ón nGníomhaireacht Tithíochta, chomh maith le Siobhan Hayden agus Bernadette Hanley ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

San áireamh ar an gclár oibre do chruinnithe na Comhairle Cathrach agus an Lucht Siúil bhí:

- Cúlra an tionscadail
- Iniúchadh roinnte ar an gcuma a bheadh ar thionscadal rathúil
- Taithí roimhe seo ar rannpháirtíocht tionóntaí - an méid a d'oibrigh go maith go dtí seo, cad iad na dúshláin a bhí ann
- Rannpháirtíocht tionóntaí faoi lán seoil – clár oibre, tacaíochtaí, agus dúshláin

Ba iad na daoine a ghlac páirt sa chruinniú i Halla na Cathrach i mí Lúnasa:

- Elizabeth Fanning - Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Edel Killarney - Oifigeach Cóiríochta don Lucht Siúil
- Róisín Bourke - Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil
- Maria Fallon Ward - Oifigeach Riaracháin um Bainistíocht Eastát
- Edward Conlon - Oifigeach Idirchaidrimh d'Eastáit Tithíochta
- Catherine Fahy - Oibrí Sóisialta Sinsearach
- Rowan Johnson - Innealtóir Cúnta – Cothabháil
- David Finan - Oifigeach Foirne Cúnta – Bainistíocht Eastáit

Toradh an Chomhairliúcháin le baill foirne Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus le teaghlaigh den Lucht Siúil

Tá fonn comhroinnte ann le haghaidh caidreamh comhoibritheach níos éifeachtaí idir an Chomhairle Cathrach agus na tionóntaí. Labhair na páirtithe go léir faoin ngá atá le

bealach níos fearr a fhiosrú chun oibriú agus dul i ngleic le bainistíocht leanúnach an eastáit nua. Leagadh béim ar easpa muiníne, maorlathais, agus droch-chaidrimh, léirithe in uaireanta mar easpa measa agus tráma, mar shaincheisteanna suntasacha roimhe seo. I measc roinnt rudaí a bhí le rá ag daoine ó chruinnithe bhí:

- Tá forbairt caidrimh riachtanach - Tá gá le hathrú – Ball foirne na Comhairle.
- Tá codarsnacht mhór idir an chaoi a ndearnamar cumarsáid roimhe seo agus anois - duine den Lucht Siúil
- Athraigh an chaoi a ndéanaimid cultúr muiníne a chothú - is saincheisteanna iad amhras agus tráma thar na glúnta – ball foirne na Comhairle
- Déan iniúchadh ar bhealach eile oibre agus foghlaim uaidh – ball foirne na Comhairle

Thug gach duine faoi deara go raibh athrú tagtha ar chaidrimh anois, rud a spreag dóchas go bhféadfaí athrú a dhéanamh:

- Is féidir athrú sa gComhairle a fheiceáil agus a mhothú i ndáiríre agus an chaoi a gcaitear linn –duine den Lucht Siúil
- Bhí na cruinnithe go dtí seo an-dearfach – duine den Lucht Siúil
- Bhí cruinnithe an-dearfach le déanaí - ball foirne na Comhairle

Labhair siad go léir faoin dúil atá ann cultúr muiníne, measa, agus cur chuige comhpháirteach a bhaint amach chun eastát nua a dhéanamh mar áit ina mbeidh daoine in ann bláthú. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé a bheith in ann saincheisteanna a thabhairt chun solais de réir mar a thagann siad chun cinn agus cur chuige comhpháirteach um réiteach fadhbanna a chur i bhfeidhm maidir lena réiteach.

Cuireann an taithí an-dearfach i ndearadh agus i dtógáil na dtithe nua leis an dóchas seo. Mothaíonn daoine den Lucht Siúil go bhfuil úinéireacht acu ar a dtithe nua, tá meas acu orthu agus tá siad mórtasach astu. Ghlac siad páirt ar bhealach fiúntach sa bpróiseas dearaidh agus anois ba mhaith leo an rud céanna a dhéanamh i gcothabháil leanúnach an eastáit.

- Bhí an taithí dearaidh le CENA agus leis an ailtire ar fheabhas- duine den Lucht Siúil
- Tá lúcháir orainn as ár dtithe nua agus ár bpobal beag - duine den Lucht Siúil

Bhí mearbhall ar dhaoine den Lucht Siúil ar dtús faoin tiarna talún a bhí acu ach tá sé an-soiléir anois gurb í an Chomhairle Cathrach í, agus ba mhaith leo caidreamh cuimsitheach, rannpháirteach a chothú leo. Tuigeann foireann na Comhairle Cathrach go maith go bhfuil

deis an-mhaith ag baint leis an bhforbraíocht nua seo chun comhoibriú a fhorbairt agus a chinntiú go leanfar den cháilíocht agus den sásamh a bhaineann leis an gcóiríocht.

Ag foghlaim ón méid a tharla roimhe seo maidir leis na rudaí a oibríonn ó thaobh Rannpháirtíocht Tionóntaí an Lucht Siúil:

Tá cúpla rud aitheanta ag an gComhairle agus daoine den Lucht Siúil araon a d'oibrigh san am atá caite. Áirítear orthu seo:

- Oibríonn duine amháin mar phríomhtheagmhálaí san eastát don Chomhairle agus, mar an gcéanna, oibríonn duine amháin mar phríomhtheagmhálaí laistigh den Chomhairle don Lucht Siúil.
- Bhí ról an fheighlí thar a bheith luachmhar don dá thaobh.
- Oibríonn cruinnithe rialta bainistíochta eastáit, duine le duine go hidéalach, don dá thaobh agus cabhraíonn siad le dea-chaidreamh muiníne a chothú.

Thug foireann na Comhairle Cathrach príomhghnéithe dearfacha le fios sa chaoi a bhfuil siad ag obair go hinmheánach:

- Cruinnithe rialta de chuid an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil
- Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil a bunaíodh le gach ball foirne ag plé le saincheisteanna an Lucht Siúil, bíonn siad ag teacht le chéile uair sa mhí
- Freagraí gasta óna chéile ar cheisteanna agus cumarsáid oscailte
- Tugtar aird ar shábháilteacht na foirne i gcónaí
- Comhoibriú le seirbhísí eile de réir mar is gá
- Feasacht go bhfuil gá le tuilleadh oiliúna agus tá siad sásta tabhairt faoi éascú, idirbheartaíocht, idirghabháil, agus oiliúint Feasachta don Lucht Siúil

Moltaí don todhchaí

Mhol daoine den Lucht Siúil gnéithe lárnacha de chur chuige rannpháirtíochta tionóntaí a d'oibreodh dóibh, lena n-áirítear:

- Cruinnithe rialta duine le duine idir teaghlaigh an Lucht Siúil i mBóithrín na Saoirse agus an Chomhairle. Ba cheart iad seo a dhéanamh gach sé seachtaine ar dtús chun modh comhaontaithe rannpháirtíochta a bhunú agus chun caidrimh muiníne a chothú. Go hidéalach, ba cheart na cruinnithe a éascú go neamhspleách agus miontuairiscí a ghlacadh.

- Ba chóir don Chomhairle agus don Lucht Siúil araon cur leis an gclár oibre. Ba cheart go léireodh an clár oibre athbhreithniú ar mhiontuairiscí roimhe seo agus tagairt arís do chinntí agus iarratais, ábhar imní atá le plé láithreach, saincheisteanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha atá le breithniú.

- Bhí an Lucht Siúil an-soiléir go ndíreodh cruinnithe rannpháirtíochta tionóntaí ar na saincheisteanna bainistíochta agus cothabhála agus nach raibh gá le freastal ar chruinnithe eagraíochtaí a bhfuil ról níos leithne acu maidir le sainchúram nó abhcóideacht.
- Agus míreanna ar an gclár oibre á mbreithniú, ainmníodh iad seo a leanas mar mhíreanna féideartha ar an gclár oibre dá mbeadh na cruinnithe ar siúl gan mhoill:

Láithreach:

- Duine ainmnithe sa Chomhairle agus duine den Lucht Siúil a ainmniú mar phríomhtheagmhálaithe
- Sábháilteacht leanaí. Rampaí chun cosc a chur ar leanaí (go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu) rith amach ar an mbóthar
- Cúlbhallaí a phéinteáil
- Comharthaíocht
- Freagra ar ghlaonna gutháin

Gearrthréimhse:

- Déileáil le héigeandálaí
- Áis shlán súgartha a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm
- Fochla a thógáil
- Ionchur ó ghníomhaireachtaí eile de réir mar a mheastar a bheith cuí agus tráthúil

Fadtréimhse:

- Leithdháiltí agus conas a dhéanfar iad amach anseo
- Cíos

Mhol foireann na Comhairle Cathrach bainistíocht dramhaíola, sábháilteacht dóiteáin, iompar frithshóisialta, agus comhoibriú idirghníomhaireachta mar shaincheisteanna a gcaithfí déileáil leo b'fhéidir ó am go chéile.

Achoimre ar chruinnithe le CENA

Is Comhlacht Ceadaithe Tithíochta faoi stiúir an Lucht Siúil é CENA, atá lonnaithe i nDún, Co. Luimnigh. Fuair sé tacaíocht agus maoiniú ón nGníomhaireacht Tithíochta agus ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Múnla iomlánaíoch atá á stiúradh ag an Lucht Siúil is ea a múnla, agus tá baint lárnach ag an Lucht Siúil le dearadh, seachadadh agus bainistiú a dtithe féin. Fostaíonn CENA Oifigigh Idirchaidrimh don Lucht Siúil agus féachann sé le féinchinntiúchán an Lucht Siúil a bheith mar threoirphrionsabal ó thús deireadh. Is é an cur chuige atá acu ná réitigh chóiríochta inbhuanaithe, rannpháirtíocht sa mbaile agus sa bpobal a fhorbairt, le bainistíocht éifeachtach tithíochta agus réitigh éifeachtacha tiarna talún/tionóntaí. Tá sé mar aidhm ag CENA a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhroch-chaidreamh idir an Lucht Siúil agus údaráis áitiúla.

D'éirigh thar barr le rannpháirtíocht CENA i gcéim dearaidh agus tógála Bhóithrín na Saoirse, agus bheadh CENA an-sásta oibriú i gcomhpháirtíocht ina leith seo, agus an méid a fhoghlaimítear uaidh a úsáid lena cur i bhfeidhm i suíomhanna eile.

Comhairliúchán le Deirdre O'Regan, Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil, Comhairle Cathrach Chorcaí

Tá Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil Chomhairle Cathrach Chorcaí ag obair le daoine den Lucht Siúil chun roinnt cur chuige nuálacha a fhorbairt. Rinne Deirdre O'Regan cur síos ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go mbeidh rannpháirtíocht tionóntaí ina bealach eile chun saincheisteanna cothabhála agus deisiúcháin a ardú, agus uaireanta ní fhágann sé seo spás le haghaidh plé ar shaincheisteanna níos leithne a théann i bhfeidhm ar gach tionónta. Tá brú ann freagairt do riachtanais phráinneacha.

Bunaíodh Coiste Tionóntaí don Lucht Siúil a thug aghaidh ar go leor saincheisteanna tionóntaí ar bhealach comhchoiteann. Ina measc seo bhí Lámhleabhar Tionóntachta don Lucht Siúil a dhéanamh le leagan amach sothuigthe, a chlúdaigh saincheisteanna mar roinnt freagrachtaí idir an tiarna talún agus an tionónta maidir le deisiúcháin i dtithe soghluaiste agus i scéimeanna grúpthithíochta. Is é cuspóir an lámhleabhair acmhainn inrochtana, tarraingteach go físiúil a chur ar fáil a spreagann rannpháirtíocht níos fearr le heolas tionóntachta. Forbraíodh é mar chuid de Chlár Rannpháirtíochta Tionóntachta an Lucht Siúil de chuid an Aonaid Cóiríochta don Lucht Siúil, tionscnamh faoi stiúir Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil, arna mhaoiniú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin.

Is toradh é seo ar chur chuige comhoibríoch, bunaithe ar chomhpháirtíocht, ina bhfuil ionchur ón Lucht Siúil, ón Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil, ó eagraíochtaí Cothabhála Tithíochta agus ó eagraíochtaí an Lucht Siúil lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh cultúir de agus go bhfuil sé inrochtana. Tá sé seo ar cheann de roinnt tionscnamh a chuireann múnla Pobail Cúraim faoi stiúir an Lucht Siúil i bhfeidhm, ag díriú ar réitigh fhadtéarmacha a thacaíonn le folláine, cumasú agus fás phobal an Lucht Siúil laistigh dá dtimpeallachtaí maireachtála. Measadh go raibh cúnamh ó chleachtóirí neamhspleácha a bhí rannpháirteach go sóisialta thar a bheith luachmhar don tionscadal seo agus do thionscadail eile ar rannpháirtíocht tionóntaí.[25]

Léiríodh chomh maith is a d'éirigh leis an gcur chuige seo i saincheist sláintíochta amháin a láimhseáladh ar bhealach comhchoiteann, le suirbhé teicniúil á choimisiúnú, agus rinneadh comhghníomhaíocht ina dhiaidh sin chun an cheist a réiteach.

Tá tionscadail ar bun freisin maidir le hoiliúint agus tacaíocht chun cabhrú leis an Lucht Siúil a bpobal a chothú agus a fhorbairt i scéimeanna grúpthithíochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil agus i láithreáin stad an Lucht Siúil, agus sraith ceardlann dírithe ar mhodhanna cruthaitheacha uasoiliúna agus féinchúraim phobail. Áirítear leis seo clár uasoiliúna feistithe agus cothabhála tí. Rinneadh cur síos i dtuarascáil ar an gcaoi a raibh éagsúlacht ag baint le leibhéal na rannpháirtíochta ó chomhaltaí an choiste ag brath ar an ngníomhaíocht chruthaitheach, agus bhí cumasc ola féinchúraim, déanamh gallúnaí agus seodra i measc na cinn is mó a raibh tóir orthu. Bhí an rannpháirtíocht an-láidir, agus bhí an-díograis agus infheistíocht sa phróiseas cruthaitheach.

Tugadh faoi Chlár Buiséid Rannpháirtíochta maidir le pleanáil chun suíomh a chur isteach agus a fheabhsú agus a chothabháil, lena n-áirítear áit ghlas lárnach a fhorbairt mar "ghairdín cuimhneacháin", ag tabhairt ómós do bhaill teaghlaigh an phobail atá imithe ar shlí na fírinne.

[25] Chuir baill de Choiste na mBan Lucht Siúil i Míolach, Tionscadal na mBan i bPáirc San Antaine, daltaí de Lucht Siúil na hÉireann a fhreastalaíonn ar Choláiste Pobail Naomh Aodáin ó Lána an Tobair agus an pobal i gcoitinne go díreach leis an tionscadal. Chomhoibrigh an léiritheoir cruthaitheach Eve Olney agus an t-ealaíontóir Annie Forrester go dlúth leis na baill pobail seo, agus chuir Líonra na mBan Lucht Siúil Chorcaí agus an Grúpa Infheictheachta don Lucht Siúil tacaíocht chomhairleach ar fáil sa phróiseas.

Ardaíodh an gá atá le seirbhísí oiliúna ar scileanna coiste agus cruinnithe don Lucht Siúil, chomh maith leis an ngá atá le hoiliúint ar cheisteanna a bhaineann le cothabháil tí agus scileanna DIY. Féadfaidh sé seo a bheith ina cheist mhór do theaghlaigh ar ioncam íseal, agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas, áit a gcuireann an comhaontú tionóntachta freagrachtaí troma ar thionóntaí. Go deimhin, d'fhéadfadh cur chuige tionónta comhchoiteann i leith cuid de na saincheisteanna seo a bheith ina ghníomhaíocht luachmhar don chur chuige rannpháirtíochta tionóntaí.

Comhairliúchán le Siobhan Hayden agus Bernadette Hanley ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Téann an cleachtas seanbhunaithe rannpháirtíochta tionóntaí idir an Lucht Siúil i mBiorra agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí siar thart ar 30 bliain. Tionóltar cruinnithe rialta trí thríú páirtí neamhspleách - Grúpa Lucht Siúil agus Daoine Socraithe Bhiorra, le cathaoirleach neamhspleách. Is féidir ceisteanna a bhaineann le dearadh agus bainistíocht agus cothabháil an tsuímh a ardú, cé nach bhfuil aon ghrúpa oifigiúil rannpháirtíochta tionóntaí ann, mar sin.

D'éirigh leis an gcur chuige seo an plé a bhrú ar aghaidh níos faide ná saincheisteanna deisiúcháin agus cothabhála aonair i dtreo féachaint ar shaincheisteanna coitianta a théann i bhfeidhm ar gach tionónta, agus saincheisteanna mar aeistéitic, le hiarratais mhaoinithe ar phlandáil agus feabhsuithe eile ar eastáit. Forbraíodh seomra cruinnithe do thionóntaí ar shuíomh Thulach Mhór agus tá cruinnithe á reáchtáil idir tionóntaí agus foireann na Comhairle Contae, cé nach bhfuil eagraíocht fhoirmiúil rannpháirtíochta tionóntaí ann.

Tá leibhéal maith comhairliúcháin agus comhtáirgthe ann maidir le saincheisteanna bainistíochta, cothabhála agus bainistíochta eastáit ar an iomlán. Téann sé seo níos faide scéil ná cearta agus freagrachtaí i leith fís chomhroinnte den eastát. Is é an cuspóir atá ann ná go bhfeicfeadh na tionóntaí atá ar an suíomh atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil iad féin agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar shaincheisteanna coitianta trí rannpháirtíocht tionóntaí, agus leagadh béim ar an tionchar cumhachtaithe atá aige seo ar shaol na dtionóntaí.

Aguisín 1. Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029. Mír 2. Ráiteas Beartais

- Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach mionlaigh agus oibreoidh sí lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais chultúrtha a oiread agus is féidir.

- Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chur chuige comhionannais agus cearta an duine agus í ag soláthar agus ag bainistiú na cóiríochta don Lucht Siúil, i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint. Tá tiomantas na Comhairle don chomhionannas agus do chearta an duine á spreagadh ag sraith comhroinnte de luachanna lena n-áirítear Dínit; Neamhspleáchas; Rannpháirtíocht; Cuimsiú: Ceartas Sóisialta agus Ceartas Comhshaoil.

- Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe aird ar raon straitéisí a chuireann comhionannas agus cuimsiú an Lucht Siúil chun cinn, lena n-áirítear na moltaí atá san áireamh i dtuarascálacha an Chomhchoiste Oireachtais ar Phríomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an Lucht Siúil agus Sainghrúpa Athbhreithnithe an Lucht Siúil DHLGH, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach. Tá an chomhairle ag fanacht le tuilleadh treorach ón DHLGH maidir le ról na nÚdarás Áitiúil i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach II 2024-2029.

- Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe cóiríocht ar ardchaighdeán don Lucht Siúil a chur ar fáil do theaghlaigh ón Lucht Siúil atá i limistéar na comhairle agus a chomhlíonann na critéir chun cáiliú do thithíocht shóisialta agus de réir a Scéime Tosaíochtaí Ligin.

- Déanfar na hiarratais ar chóiríocht a fhaigheann Comhairle Cathrach na Gaillimhe a mheas de réir na reachtaíochta agus na rialachán tithíochta. Cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta agus/nó dá n-ionadaithe, má iarrann an t-iarratasóir é, chun aghaidh a thabhairt ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus an próiseas iarratais ar thithíocht á chur i gcrích. Tá Easy Read Guide,

ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun an t-iarratas tithíochta a líonadh isteach agus tá sé curtha ar fáil do Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun cuidiú lena mbaill.

- Nuair a bheidh cóiríocht á leithdháileadh agus á bainistiú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tabharfaidh sí aird ar fhorálacha na Scéime Tosaíochtaí Ligin 2017 a bhfuil glactha aici léi, Straitéis Bainistíochta Eastáit 2019, Straitéis Iompair Fhrithshóisialta 2018 chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht eastáit, meascán sóisialta cuí taobh istigh de na limistéir, comhoiriúnacht na dteaghlach, iompar frithshóisialta, agus na riachtanais maidir le toisí na dtithe.

- Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe aird ar Phlean Straitéiseach Chathair na Gaillimhe maidir le Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026 a bhfuil sé mar aidhm aige freagairt do na riachtanais tithíochta leanúnacha agus athraitheacha a bhíonn ag daoine atá faoi mhíchumas. Áirítear leis seo baill den Lucht Siúil atá faoi mhíchumas agus atá ina gcónaí nó atá ag iarraidh a bheith ina gcónaí i gCóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Leanfaidh an chomhairle d'athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais iarratasóirí de chuid an Lucht Siúil a bhfuil riachtanas míchumais acu faoi na ceithre chatagóir: Meabhairshláinte, Míchumas Fisiciúil, Céadfach agus Intleachtúil, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanbh faoi mhíchumas acu. Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG) chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá foghrúpaí curtha in áit anois ag an nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais le príomhghníomhaireachtaí seachtracha chun réitigh chomhoibríocha a chur chun cinn.

- Tabharfaidh an chomhairle cúnamh agus spreagadh do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) chun scéimeanna cóiríochta caighdeánacha agus scéimeanna cóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil a chur ar fáil do theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil.

- Oibreoidh an Chomhairle go dlúth le soláthraithe seirbhíse do dhaoine gan dídean, leis an LTACC agus leis an Lucht Siúil a mheastar a bheith gan dídean chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais chóiríochta trí thacaíochtaí tithíochta sóisialta cuí a úsáid.

- • Is gá do gach tionónta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comhaontú tionóntachta a shíniú ina leagtar amach coinníollacha na tionóntachta agus a

bhunaíonn caidreamh dlíthiúil idir an tionónta agus an t-údarás áitiúil. Cuirfear Lámhleabhar Tionóntachta ar fáil do gach Tionónta.

- Ní cheadóidh an chomhairle campaí gan chead ar a tailte agus tabharfaidh sí foláireamh do theaghlaigh de réir mar is cuí. Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go n-oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht leis na teaghlaigh sin agus le gníomhaireachtaí eile chun tacú leo maidir leis na riachtanais chóiríochta atá acu.

- Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de dhul i gcomhairle leis an Lucht Siúil, le heagraíochtaí don Lucht Siúil agus leis an gCoiste Comhairliúcháin don Lucht Siúil Áitiúil maidir le ceisteanna a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil.

- Tacóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le tionscnaimh chun rannpháirtíocht agus cuimsiú a fheabhsú, chun cabhrú le pobail láidre inbhuanaithe a fhorbairt.

Aguisín 2. Gnéithe de Mhúnla Rannpháirtíochta Tionóntaí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de do Chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil

1. Meas agus Aitheantas Cultúir

- Féiniúlacht, traidisiúin agus stíl mhaireachtála siúlach an Lucht Siúil a aithint agus meas a léiriú orthu.
- Cur chuige comhshamhlaithe a sheachaint - a chinntiú go bhfuil siad in ann leanúint de chleachtais chultúir (m.sh., taisteal, socruithe teaghlaigh, capaill a choinneáil).
- Ceiliúradh agus traidisiúin chultúir a chur san áireamh mar chuid de ghníomhaíochtaí pobail.

2. Forbairt Caidrimh agus Muiníne

- Rannpháirtíocht fhadtéarmach, cumarsáid chomhsheasmhach agus thrédhearcach a chuirfidh le muinín le himeacht ama.
- Oifigigh idirchaidrimh nó foireann rannpháirtíochta tionóntaí ar de bhunadh an Lucht Siúil iad nó a bhfuil tuiscint dhomhain ar an gcultúr acu.Cumarsáid mheasúil, chomhsheasmhach a chinntiú - comhairliúcháin aon uaire nó cur i gcéill a sheachaint.
- Modhanna réitigh coinbhleachta atá íogair ó thaobh an chultúir de a fhorbairt.

3. Modhanna Rannpháirtíochta Solúbtha agus Neamhfhoirmiúla

- Úsáid a bhaint as cur chuige neamhfhoirmiúil duine le duine- oibríonn comhráite boird cistine, leagan amach buail isteach, nó cuairteanna ar an láthair níos fearr ná cruinnithe foirmiúla.
- A bheith feasach ar bhacainní litearthachta- bain úsáid as cumarsáid ó bhéal, íomhánna agus físeáin in ionad ábhair atá scríofa den chuid is mó.
- Rannpháirtíocht a sceidealú thart ar ghnáthaimh phobail (m.sh. seachain amanna den bhliain nuair a d'fhéadfadh go leor daoine a bheith ag taisteal ar chúiseanna teaghlaigh nó cultúir).

4. Cumhachtú agus Forbairt Acmhainne

- Deiseanna oiliúna agus oideachais ar chearta, abhcóideacht, agus beartais tithíochta.
- Cláir forbartha cheannaireachta a spreagadh agus tacú leo do dhaoine óga den Lucht Siúil.
- Tacú le tionscnaimh nua faoi stiúir tionóntaí a léiríonn luachanna cultúir agus tosaíochtaí pobail.

5. Ionadaíocht agus Abhcóideacht

- Tacú le daoine den Lucht Siúil a bheith ina n-ionadaithe tionóntaí trí mheantóireacht agus trí fhorbairt acmhainní.
- Spás a chruthú do ghrúpaí den Lucht Siúil chun ábhair imní i dtimpeallacht shábháilte a phlé sula dtéann siad isteach i bhfóraim níos leithne.
- Comhpháirtíocht le heagraíochtaí abhcóideachta iontaofa don Lucht Siúil chun rannpháirtíocht a chomhéascú.

6. Tacaíocht Teanga, Litearthachta agus Cumarsáide

- Béarla simplí (agus Gaeilge má iarrtar sin) a úsáid i ngach ábhar.
- Roghanna eile fuaime nó amhairc a chur ar fáil (físeáin, glórtheachtaireachtaí).
- Tacaíocht duine le duine a chur ar fáil chun cabhrú le tionóntaí cearta tionóntachta, rialacha suímh, agus conas a bheith rannpháirteach go héifeachtach a thuiscint.

7. Cinnteoireacht agus Comhdhearadh a bhaineann go sonrach leis an Suíomh

- Tionóntaí a thabhairt isteach i múnlú na rialacha, leagan amach, áiseanna, agus aon fheabhsúcháin ar an suíomh amach anseo.
- Meas a bheith agat ar struchtúir thraidisiúnta teaghlaigh agus cinntí á ndéanamh faoi leithdháiltí nó leagan amach páirce.
- Pleanáil do riachtanais chóiríochta teaghlaigh amach anseo.

8. Frith-Idirdhealú agus Cosaint

- Gan glacadh beag ná mór le ciníochas nó idirdhealú ón bhfoireann, ó chomharsana, nó ó fhóraim níos leithne.
- A chinntiú go mbraitheann tionóntaí den Lucht Siúil sábháilte agus go bhfuil meas orthu agus iad ag glacadh páirte in éineacht le tionóntaí eile nó ag cruinnithe poiblí.

9. Monatóireacht, Aiseolas agus Oiriúnú

- Aiseolas a bhailiú ar bhealaí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de (m.sh., comhráite neamhfhoirmiúla, idirghabhálaithe iontaofa).
- Gníomhú ar an méid a deir tionóntaí agus a thuairisciú ar ais go soiléir agus go tapa.
- An t-aiseolas seo a úsáid chun modhanna rannpháirtíochta a oiriúnú le himeacht ama chun cuimsitheacht agus éifeachtacht a fheabhsú.

Aguisín 3. Dréachtchlár Oibre beartaithe do chruinnithe Rannpháirtíochta Tionóntaí (ag brath ar leasú leanúnach le comhaontú na bpáirtithe)

Clár Oibre: Ar an gcéad dul síos, cinntigh cé a bheidh ag freastal ar an gcruinniú ó thionóntaí agus ón gComhairle Cathrach.

Cruinniú míosúil nó sé chruinniú sheachtainiúla ar dtús.

1. Cathaoirleach agus duine a thógfaidh miontuairiscí a cheapadh.
2. Réamhrá agus leithscéalta.
3. Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach a léamh.
4. Nithe a thagann aníos nach bhfuil ar an gClár Oibre.
5. Fadhb 1. …….
6. Fadhb 2. …….
7. Fadhb 3……
8. Fadhb 4……
9. Cainteoir/láithreoir ar tugadh cuireadh dóibh.
10. Aon ghnó eile.
11. Athbhreithniú ar an gcruinniú seo, an mbraitheann rannpháirtithe gur tugadh aghaidh ar shaincheisteanna ábhartha?
12. Dáta an chéad chruinnithe eile.

Saincheisteanna eile is ábhar imní do thionóntaí, ach atá faoi shainchúram ea-graíochta nó gníomhaireachta éigin eile, agus nach mbeadh oiriúnach dá bhrí sin do chlár oibre na gCruinnithe Rannpháirtíochta Tionóntaí:

Fadhb 1. ……..

An Chúis……

Fadhb 2. ……..

An Chúis……

Fadhb 3……

An Chúis……

Aguisín 4. Good Practice Recommendation No. 1. Norris, M. Managing Partnership: Enabling Tenant Participation in Housing Estate Management (DoELG, 2001)

Ráitis Bheartais maidir le Rannpháirtíocht Tionóntaí i mBainistíocht Eastát Tithíochta – Seicliosta Ábhar

Cuspóirí Straitéiseacha agus Bainistíocht

- Cuspóirí straitéiseacha na seirbhíse rannpháirtíochta tionóntaí
- Aidhmeanna sonracha maidir le rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistíocht eastát tithíochta a fhorbairt
- Amscála chun na haidhmeanna seo a bhaint amach
- Struchtúr bainistíochta na seirbhíse rannpháirtíochta tionóntaí
- Struchtúr foirne na seirbhíse rannpháirtíochta tionóntaí

Cleachtas Rannpháirtíochta Tionóntaí

- Ráiteas beartais maidir le tús a chur le tionscadail rannpháirtíochta tionóntaí
- Liosta de na gnéithe de bhainistíocht tithíochta agus de bhainistíocht eastát atá
- oiriúnach do rannpháirtíocht tionóntaí
- Ráiteas ar an méid tionchair ar bhainistíocht tithíochta a thabharfar do thionóntaí
- Sonraí faoi bheartas agus nósanna imeachta chun comhdheiseanna a chur chun cinn i rannpháirtíocht tionóntaí

Rannpháirtíocht Tionóntaí

- Polasaí agus nósanna imeachta chun eolas a chur ar fáil do thionóntaí maidir le bainistíocht tithíochta agus seirbhísí rannpháirtíochta tionóntaí
- Polasaí maidir le hoiliúint rannpháirtíochta tionóntaí a chur ar fáil do thionóntaí aonair agus do chomhaltaí de chumainn tionóntaí
- Polasaí maidir le cúnamh deontais a chur ar fáil do chostais reatha na gcumann tionóntaí
- Polasaí maidir le háitreabh nó cúnamh deontais caipitil a chur ar fáil do chumainn tionóntaí

Cúram do Chustaiméirí agus Monatóireacht ar Fheidhmíocht

- Nósanna imeachta maidir le meastóireacht straitéiseach ar an tseirbhís rannpháirtíochta tionóntaí
- Nósanna imeachta chun sástacht custaiméirí a mheasúnú le gach gné den tseirbhís rannpháirtíochta tionóntaí
- Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh faoin tseirbhís rannpháirtíochta tionóntaí
- Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin ó chustaiméirí, lena n-áirítear amanna freagartha agus polasaí maidir le cúiteamh a sholáthar
- Nósanna imeachta chun feidhmíocht na seirbhíse rannpháirtíochta tionóntaí a mheasúnú

Aguisín 5. Ceachtanna foghlamtha - ó Dowdall, A. Housing Agency Insights: Developing a Tenant Engagement Culture and Structure: The Case of Circle VHA (2022)

Léiríonn an cás-staidéar seo gur féidir struchtúr agus cultúr rannpháirtíochta tionóntaí a fhorbairt ar bhealach fiúntach agus intomhaiste óna mbeidh buntáistí suntasacha ann do thionóntaí agus do sholáthraithe tithíochta araon. Is féidir guthanna tionóntaí a chur san áireamh i struchtúr eagraíochtaí tithíochta, agus bíonn tionchar aige seo ar sheachadadh seirbhíse agus ar chultúr eagraíochtúil, le béim níos mó ar rannpháirtíocht dhá bhealach, comhionannas agus cumasú.

Áirítear ar na ceachtanna do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta nó d'Údaráis Áitiúla atá ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirtíocht tionóntaí:

1. Tá tacaíocht na bainistíochta sinsearaí agus an bhoird riachtanach ón tús: Eascraíonn rannpháirtíocht éifeachtach tionóntaí as idirghníomhú na gníomhaíochta ón mbun aníos agus na ceannaireachta ón mbarr anuas. Tá tacaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Bhoird riachtanach le go n-éireoidh leis trína chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht fite fuaite i bpróisis ar fud na heagraíochta.

2. Gan bheith ag brath go hiomlán ar an bhfoireann agus ar na struchtúir atá ann cheana féin: Caithfear a admháil sa phróiseas go bhféadfadh struchtúir agus róil foirne nua a bheith ag teastáil chun rannpháirtíocht fhiúntach tionóntaí a fhorbairt.

3. Glacadh le teicneolaíocht agus acmhainní ar líne: Chuir Covid moill ar phleananna ar dtús, ach tháinig níos mó inrochtaineachta leis an aistriú ar líne sa deireadh. Is féidir le feabhsuithe ar an suíomh gréasáin agus ar an aip nua do thionóntaí níos mó béime a chur ar rannpháirtíocht.

4. Earcaíocht leanúnach tionóntaí: Tá earcaíocht leanúnach ríthábhachtach chun a chinntiú go gcoinnítear móiminteam i struchtúir rannpháirtíochta tionóntaí. Ba cheart éagsúlacht agus ionadaíocht na ngrúpaí tionóntaí a mheas, agus a ról a shainiú go soiléir. Má chinntítear nach bhfuil siad ró-fhoirmiúil ná neamhfhoirmiúil, uasmhéadófar earcaíocht.

5. Tacaíocht a thabhairt do thionóntaí le bheith ina gceannairí don tionscadal: Áirítear leis seo ligean do thionóntaí a bheith ina n-urlabhraithe don tionscadal. Ach ciallaíonn sé freisin a chinntiú go bhfuil an próiseas iomlán, go háirithe na hathruithe struchtúracha, faoi stiúir tionóntaí. Ba cheart do thionóntaí an straitéis a scríobh, spriocanna a leagan síos, agus a bheith páirteach i monatóireacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm.

6. Tógann sé am rannpháirtíocht éifeachtach a fhorbairt: Tá sé tábhachtach cur chuige céim ar chéim a ghlacadh agus réimse deiseanna a thairiscint atá a) réalaíoch agus indéanta laistigh de chreataí ama sainithe, b) a theastaíonn ó thionóntaí, agus c) is féidir acmhainní a chur ar fáil dóibh.

7. Teastaíonn dóthain acmhainní le go mbeidh rannpháirtíocht fhiúntach tionóntaí ann: Ní mór buiséad réalaíoch a bheith ag tacú le cuspóirí. D'fhéadfadh oifigeach tiomnaithe Rannpháirtíochta Tionóntaí a bheith i gceist leis seo ach freisin acmhainní a chur ar fáil chun rannpháirtíocht a leabú ar fud na heagraíochta ar fad. Áirítear leis seo oiliúint leanúnach, buiséid d'imeachtaí, trealamh TF, agus cumarsáid.

8. Rannpháirtíocht ó eagraíocht sheachtrach neamhspleách: Chuir sé seo comhairle, saineolas agus oiliúint riachtanach ar fáil. Níos tábhachtaí fós, tá neamhspleáchas cruthaithe aige agus tá modhnóireacht déanta aige idir tionóntaí agus Circle VHA. Chuidigh maoirseacht neamhspleách le muinín a chothú idir na páirtithe go léir agus chuir sé leis an gcur chuige comhoibríoch.

Aguisín 6. Achoimre ar Chairt Rannpháirtíochta Tionóntaí do Chóiríocht an Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil

Leagtar amach sa gCairt seo ár dtiomantas comhroinnte chun tacú le rannpháirtíocht fhiúntach na dtionóntaí, chun í a chumasú agus chun meas a léiriú ar an rannpháirtíocht sin do gach cónaitheoir ar shuíomh an Lucht Siúil. Aithnímid an fhéiniúlacht agus na cearta cultúir ar leith atá ag an Lucht Siúil agus tá sé mar aidhm againn timpeallacht mheasúil, chuimsitheach a chruthú ina gcloistear gach glór.

1. **Ár bPrionsabail:** Creidimid gur cheart go mbeadh rannpháirtíocht tionóntaí:

- Measúil ó thaobh Cultúir de – Agus meas a léiriú ar thraidisiúin, luachanna agus slí beatha an Lucht Siúil.
- Cuimsitheach – Ag cur fáilte roimh gach tionónta agus cónaitheoir, beag beann ar aois, inscne, leibhéal litearthachta, nó patrúin taistil.
- De do thoil féin – Bíonn rannpháirtíocht i gcónaí dá ndeoin féin agus gan bhrú.
- Cumasaithe – Tacú le tionóntaí agus cónaitheoirí fíor-thuairim a bheith acu i leith na gcinntí a théann i bhfeidhm ar a dtithe agus ar a bpobal.
- Bunaithe ar mhuinín – Bunaithe ar chaidrimh oscailte mhacánta idir tionóntaí agus an soláthraí tithíochta.

2. **Ár nGealltanais:** Geallaimid**:**

- Eolas atá oiriúnach ó thaobh cultúir de a chur ar fáil i dteanga shimplí agus ar bhealaí eile (m.sh. fuaim, amhairc).
- Bealaí iomadúla a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh, lena n-áirítear comhráite neamhfhoirmiúla, cuairteanna baile, agus imeachtaí pobail.
- Meas a bheith againn ar struchtúir thraidisiúnta teaghlaigh agus láithreáin maidir leis an gcaoi a ndéanaimid teagmháil agus maidir leis an gcaoi a ndéanaimid cinntí.
- Tacú le Grúpa Ghlór na dTionóntaí a chruthú, ina mbeidh deiseanna ag cónaitheoirí den Lucht Siúil a bheith i gceannas.
- Oiliúint, tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil chun muinín agus scileanna rannpháirtíochta a chothú.
- Aghaidh a thabhairt go gníomhach ar idirdhealú agus spásanna sábháilte rannpháirtíochta a chinntiú.

- Aiseolas agus an t-eolas is déanaí a thabhairt maidir leis an tionchar a bhí ag tuairimí tionóntaí ar chinntí a rinneadh.

3. Is féidir páirt a ghlacadh ar go leor bealaí:

- Do thuairimí a roinnt i bplé neamhfhoirmiúil le foireann na háite nó le hoifigigh idirchaidrimh.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe grúpa (foirmiúil nó neamhfhoirmiúil) faoi rialacha suímh, feabhsuithe nó seirbhísí.
- Páirt a ghlacadh i gceardlanna comhdhearaidh le haghaidh athruithe ar an suíomh nó ar na seirbhísí.
- Aiseolas a thabhairt trí shuirbhéanna, boscaí moltaí, nó cruinnithe pobail.

4. Ag Obair i gComhpháirtíocht: Oibreoimid i gcomhpháirtíocht le:

- Tionóntaí/cónaitheoirí agus a dteaghlaigh.
- Oifigigh idirchaidrimh don lucht siúil agus oibrithe pobail/cúraim sláinte iontaofa.
- Grúpaí abhcóideachta áitiúla agus náisiúnta don Lucht Siúil.
- Foireann údaráis áitiúil.

5. Athbhreithniú agus Cuntasacht: Déanfar an Chairt seo**:**

- A athbhreithniú go bliantúil le hionchur ó thionóntaí ón Lucht Siúil.
- A uasdátú de réir mar is gá bunaithe ar aiseolas nó athruithe ar an dlí nó riachtanais an phobail.
- Cáipéis bheo a bheidh ann a léiríonn ár dtiomantas leanúnach maidir le rannpháirtíocht an Lucht Siúil a fheabhsú.

Sínithe

Thar ceann an údaráis áitiúil:	**Thar ceann na dtionóntaí:**
Ainm: _____	Ainm: _____
Ról: _____	Ról (má bhaineann le hábhar): _____
Dáta: _____	Dáta: _____

Aguisín 7. Comhairle Cathrach Chorcaí – Lámhleabhar Tionóntachta Lucht Siúil na hÉireann



Tagairtí

Arnstein, S. R., 'A Ladder of Citizen Participation' (1969) 35(4) Journal of the American Planning Association, 216.

Boughton, J., (2019) 'Grenfell and the Need for a Tenants' Voice' ar fáil ag: https://www.law.ox.ac.uk/housing-after- Grenfell/blog/2019/01/Grenfell-and-need-tenants-voice

Líonra Gníomhaíochta Pobail, A Place Called Home: The Story of a Campaign for Housing Human Rights (Líonra Gníomhaíochta Pobail, 2017).

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Traveller Accommodation Expert Review, (2019) https://www.paveepoint.ie/wp-content/uploads/2023/08/Expert-Review-Group-Traveller-Accommodation.pdf

Dowdall, A. Housing Insights Policy Insights Series: Developing a Tenant Engagement Culture and Structure: The Case of Circle VHA. (An Ghníomhaireacht Títhíochta, 2022). https://www.housingagency.ie/sites/default/files/2022-09/2022%20Housing%20Agency%20Policy%20Insights_Issue%202.pdf

Frey, J. agus P. Shanks, Embedding a Culture of Tenant Engagement (Tuath Housing, 2021).

Rialtas na hÉireann, Tuarascáil Deiridh an Chomhchoiste um Shaincheisteanna Ríthábhachtacha a Théann i gcion ar an Lucht Siúil (2021) ar fáil ag: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/joint_committee_on_key_issues_affecting_the_traveller_community/reports/2021/2021-12-01_final-report-of-the-joint-committee-on-key-issues-affecting-the-traveller-community_en.pdf

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), An account of the Equality Review carried out by Galway City Council in respect of Traveller-specific accommodation (IHREC, 2019) https://www.ihrec.ie/app/uploads/2022/08/Galway-City-Equality-Review-IHREC_Final.pdf

Aontas Idirnáisiúnta na dTionóntaí, The Tenants Charter (IUT, 2003). https://www.iut.nu/about-iut/the-tenants-charter/

Líonra Rannpháirtíochta Tionóntaí na hÉireann (ITEN), Tenant Engagement: Insights from best practice in Europe. Developing an evidence-based framework for tenancy engagement in Ireland (Baile Átha Cliath, ITEN, 2024).

Kenna, P. Housing Law, Rights and Policy (Clarus Press, 2011).

Molloy R., agus Murphy, A., Residential Satisfaction in Ireland: Comparison of Housing and Neighbourhood Satisfaction Levels by Housing Tenure – Working Paper (An Ghníomhaireacht um Thithíocht, 2019).

Norris, M., Managing Partnership: Enabling Tenant Participation in Housing Estate Management – Good Practice Guidelines (DoELG, 2001). https://www.housingagency.ie/sites/default/files/publications/85.%20Good-Practice-Guidelines_Tenant-Participation_2001.pdf

Pierce, J. Understanding approaches to tenant participation in social housing (UK Collaborative Centre for Housing Evidence, 2019).

Redmond, D., agus Norris, M., 'Reforming Local Authority Housing Management: The Case of Tenant Participation in Estate Management' in M. Norris agus D. Redmond, Housing Contemporary Ireland, Policy, Society and Shelter (An Foras Riaracháin, 2006).
Richardson, J. & Codona, J. Managing and delivering Gypsy and Traveller sites: negotiating conflict, (Coventry, Institiúid Chairte Tithíochta, 2016).

Coimisiún na hAlban um Chearta an Duine, Review of the Scottish Social Housing Charter 2016 (Coimisiún na hAlban um Chearta an Duine, 2016).

An Ghníomhaireacht Tithíochta, Good practice in the development and design of Traveller-specific accommodation 2024. https://www.housingagency.ie/sites/default/files/2024-12/Good%20practice%20in%20the%20development%20and%20design%20of%20Traveller-specific%20accommodation%202024.pdf

Notes

Notes

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Halla na Catrhrach
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh. H91 X4K8
SeirbhisCoChustaimeiri@GalwayCity.ie

City Hall,
College Road,
Galway. H91 X4K8
CustomerService@GalwayCity.ie

(091) 536 400
www.GalwayCity.ie
GalwayCityCouncil